

**2022**

**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**

**NOCHT DO  
THUAIRIM.**

***De dheasca na paindéime, chaill daoine óga amach ar neart eachtraí tábhachtacha ina saoil.***

***Chun aitheantas a thabhairt don ról atá ag daoine óga inár sochaí agus chun iad a spreagadh chun páirt níos mó a ghlacadh, d'fhógair Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ina haitheasc ar Staid an Aontais 2021 gurb í 2022 Bliain Eorpach na hÓige.***

**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**



**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**

***“Beidh an tAontas atá againn níos láidre má bhíonn sé níos cosúla leis an gcéad ghlúin eile s’againne: machnamhach, diongbháilte agus comhbhách. Fréamhaithe i luachanna agus dána i mbun gnímh. Beidh an spiorad seo níos tábhachtaí ná riamh thar an dá mhí dhéag atá romhainn.”***



**URSULA VON DER LEYEN**  
**Uachtarán**  
**an Choimisiúin Eorpaigh**

# CUSPÓIRÍ

**BHLIAIN EORPACH NA HÓIGE 2022**

**BLIAIN  
EORPACH  
NA HÓIGE**



Béim a leagan ar an gcaoi a gcuireann an t aistriú glas agus an t aistriú digiteach agus beartais eile de chuid an Aontais, deiseanna ar fáil do dhaoine óga tar éis phaindéim COVID-19.



Daoine óga, ina measc sin daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, a chumhachtú agus tacú leo, chun a bheith ina saoránaigh ghníomhacha rannpháirteacha agus ina ngníomhaithe don athrú.



Deiseanna atá ar fáil do dhaoine óga trí bheartais phoiblí ar gach leibhéal a chur chun cinn.



Peirspictíocht na hóige a thabhairt isteach i gceapadh beartas ar gach leibhéal.

# 9 TÉAMAÍ



**An t-aistriú  
glas**



**An óige agus  
an domhan  
mór**



**An Earnáil  
Dhigiteach**



**An tsláinte,  
dea-bhail  
agus spórt**

**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**



**Cultúr**



**Oideachas agus  
soghluasteacht  
foghlama san  
Eoraip**



**Fostaíocht  
agus cuimsiú**



**Idirphléití  
beartais agus  
rannpháirtíocht**



**An  
dlúthpháirtíocht  
leis an Úcráin**

# **BLIAIN EORPACH NA HÓIGE IN UIMHREACHA**

**RINNEADH TEAGMHÁIL  
LE 91.4 MILLIÚN+**

saoránach trí na meáin  
shóisialta.

**RINNEADH TEAGMHÁIL  
LE 10 MILLIÚN+**

ar na meáin shóisialta.

**210 MILLIÚN+**

amharc ar na meáin hóisialta.

**EAGRAÍODH 13 000+**

gníomhaíocht san Aontas  
agus níos faide i gcéin.

**67** dtír.



**2022**

**BLIAIN  
DON  
ÓIGE.**

**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**



# BLIAIN DON ÓIGE.

**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**

## **IDIRPHLÉITÍ BEARTAIS LEIS NA COIMISINÉIRÍ**

Le linn Bhliain Eorpach na hÓige 2022 agus go dtí mí Feabhra 2023, thug gach Coimisinéir de chuid an Aontais cuireadh do 12-15 duine óg teacht chun na Bruiséile chun páirt a ghlacadh in Idirphlé Beartais.

Bhí deis ag breis agus 300 duine óg malartú díreach a dhéanamh leis na Coimisinéirí maidir le saincheistanna tábhachtacha amhail an t athrú aeráide, an nuálaíocht, sairse na meán, an ceart chun deisiúcháin, etc..

**FÉACH AR NA HIDIRPHLÉITÍ BEARTAIS UILE ›**







# **BLIAIN DON ÓIGE.**



## **LÍONRAÍ DON AOS ÓG**

In 2022, sheol an Coimisiún Eorpach líonraí nua don aos óg, ina measc sin Ambasadóirí Óige an Bhithghilleagair agus Líonra Ambasadóirí Óga Eorpacha don Chuimhneachán ar an Uileloscadh, chun naisc agus cairdeas a chothú i measc daoine óga ó thíortha an Aontais, ón Ríocht Aontaithe agus ó thíortha chomhpháirtíocht an Oirthir.

Thug an Coimisiún Eorpach cuireadh freisin do mhic léinn máistreachta páirt a ghlacadh mar 'Breathnóirí Óga' sna meastóireachtaí a rinneadh ar na glaonna um an gclár Fís Eorpach "Óige 2022" faoin gclár Fís Eorpach, clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta.

# TIONSCNAIMH NUUA

BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE

Shainaithin an Coimisiún Eorpach níos mó ná 130 tionscnamh beartais do dhaoine óga, ar forbraíodh go leor acu i gcomhar leis an óige, agus a raibh baint acu le 9 gcinn de théamaí Bhliain Eorpach na hÓige.



## **HealthyLifeStyle4All Youth Ideas Labs**

Tionscnamh chun guth a thabhairt do dhaoine óga maidir le conas stíl mhaireachtála shláintiúil a chinntiú do chách.



## **ALMA initiative (Aimsigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh)**

Tionscnamh chun cabhrú le daoine óga faoi mhíbhuntáiste (idir 18-30 bliain d'aois) rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair thar theorainneacha an Aontais.



## **Laethanta EU4Youth**

Tionscnamh lenar tugadh le chéile daoine óga, oibrithe óige, lucht déanta beartas agus taighdeoirí ó réigiúin chomharsanachta uile an Aontais chun aird a tharraingt ar dheiseanna agus ar dhea-chleachtais den chéad uair le linn eagrán 2022.



## **Ambasadóirí an Chomhshocraithe Aeráide don Óige: Idirphléití agus Fórais maidir leis an gComhshocrú Aeráide don Óige a seoladh in 2022**

Tionscnamh a chuireann ar chumas daoine óga dul i mbun idirphléití le cinnteoirí, chun cuidiú le feasacht a mhúscailt maidir leis an dúlra, an bhithéagsúlacht, an geilleagar ciorclach agus an truailliú nialasach, chun cuidiú le feasacht a mhúscailt maidir leis an dúlra, an bhithéagsúlacht, an geilleagar ciorclach agus an truailliú nialasach.


**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**

Bhí lucht ceaptha beartas ar fud institiúidí an Aontais, Comhordaitheoirí Náisiúnta Bhliain Eorpach na hÓige agus pointí teagmhála náisiúnta, agus páirtithe leasmhara páirteach i mBliain Eorpach na hÓige agus chomhoibrigh siad ar bhealach a d'fhág go raibh tionchar ag Bliain Eorpach na hÓige i ndiaidh 2022.

**EAGRAÍODH 13 000+**

imeacht san Aontas  
agus níos faide i gcéin.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ  
BHLIAIN EORPACH  
NA HÓIGE**





**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**



Seo a leanas cuid d'imeachtaí suaitheanta Bhliain Eorpach na hÓige.

Ba bhuaicphointí iad sin i bhfírinne a thug daoine óga, páirtithe leasmhara agus lucht ceaptha beartas le chéile.



***LevelUp! -Imeacht***


Le níos mó ná 200 ceardlann thar 2 lá, chuir an t imeacht seo borradh faoi scileanna cumarsáide, eagrúcháin agus abhcóideachta daoine óga chun cabhrú leo a bheith ina gceannairí amach anseo.



***An chomhdháil  
“Is leatsa an Todhchaí”***

Chun clabhsúr a chur le Bliain Eorpach na hÓige 2022, tháinig níos mó ná 700 rannpháirtí le chéile ag comhdháil lae i mí na Nollag, ina measc daoine óga, páirtithe leasmhara agus lucht ceaptha beartas sa Bhruiséil.

# CLOISTEAR DO GHUTH



**BLIAIN EORPACH NA hÓIGE**

Bliain a chruthaigh na daoine óga agus a bhí ar son na ndaoine óga ab ea Bliain Eorpach na hÓige. Seo cuid de na bealaí ar chomhchruthaigh daoine óga Bliain Eorpach na hÓige:

## ***Díorma Iriseoirí Óga Eorpacha***

Chruthaigh an Coimisiún Eorpach agus Eurodesk díorma iriseoirí óga Eorpacha le linn Bhliain Eorpach na hÓige chun cabhrú le guthanna óga a ardú. Ghlac na hIriseoirí Óga páirt in imeachtaí idirnáisiúnta freisin agus fuair siad oiliúint ó shaineolaithe.

## ***Cainteanna leis an Óige***





**FÉACH AR NA CAINTEANNA LEIS AN ÓIGE ›**



**LÉIGH NA HALTANNA LEO ›**



# ARDÁN GHUTH NA NÓG



Taifeadadh beagnach

**1800**

guth

**29**

dteanga

Seoladh Ardán Ghuth na nÓg le linn Bhliain Eorpach na hÓige chun bealach díreach a thabhairt do gach duine óg a gcuid smaointe agus ábhar imní maidir le todhchaí na hEorpa a ardú, agus todhchaí a mhúnlú atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, ar an daonlathas agus ar an gceartas.

Bíodh is go bhfuil 2022 thart, is féidir leat d'fhís don Aontas Eorpach a chur in iúl go fóill! Is féidir leat do thuairimí a chur in iúl maidir leis na 9 dtopaic a bhaineann le Bliain Eorpach na hÓige, i gceann de na 29 dteanga atá ar fáil.

**TAIFEAD DO GHUTH ›**

# DISCORD



Seoladh Discord le linn an dara leath de 2022, mol d'aos óg na hEorpa chun nascadh le daoine eile agus smaointe, ceisteanna, acmhainní agus méimeanna a mhalartú.

Tá 9 dtéama Bhliain Eorpach na hÓige chun tosaigh agus lárnach, agus tá cainéil ann atá dírithe ar phlé a dhéanamh ar ábhair amhail:



**An dea-bhail**



**Gníomhú ar son na haeráide**



**Luachanna an Aontais**

**...agus go leor eile.**

## BLIAIN EORPACH NA hÓIGE

Má tá teachtaireacht amháin ann do dhaoine óga tar éis 2022, seo an teachtaireacht sin:

Bíodh is go bhfuil an bhliain 2022 thart, ní ach ag fás atá na deiseanna don aos óg san Aontas.

Seo roinnt samplaí de chlár do dhaoine óga san Aontas a leanfaidh ar aghaidh i bhfad i ndiaidh 2022:



### #DiscoverEU

Is tionscnamh é a thugann deis do dhaoine atá 18 mbliana d'aois taisteal timpeall na hEorpa agus eolas a chur uirthi. Gach bliain, bronnann an tAontas Eorpach pasanna taistil ar dhaoine óga roghnaithe. Anois le Gníomhaíocht Chuimsiúcháin DiscoverEU, moltar do níos mó daoine óga taitneamh a bhaint as an eachtra agus páirt a ghlacadh ann!



### An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

Cruthaíonn clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh deiseanna do dhaoine óga tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i dtír eile nó ina dtír féin mar chuid de chlár atá chun leas an phobail. Cuireann snáithe na Cabhrach Daonnúla gníomhaíochtaí nua trasteorann saorálaíochta ar fáil chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla ar fud an domhain!



### Erasmus+

Is é Erasmus+ clár chun tacú leis an oideachas, an oiliúint, an óige agus an spórt san Eoraip. Cruthaíonn sé deiseanna do dhaoine óga chun dul ag staidéar, cláir oiliúna a dhéanamh agus taithí a fháil i dtír eile. Is féidir taitneamh a bhaint as Erasmus+ go fíorúil freisin trí na Malartuithe Fíorúla san Ardoideachas agus san Óige!

**AIMSIGH NA DEISEANNA ATÁ ROMHAT ›**

**2022**

**BLIAIN  
EORPACH  
NA hÓIGE**

**NOCHT DO  
THUAIRIM.**